

Soiscéal Titley: Cúis Gháire ó Dhia chugainn*

Tadhg Ó Dúshláine

Is maith mar a oireann an teideal, *Eireachtaí agus scéalta eile*, don chnuasach gearrscéalta sin de chuid Alan Titley a foilsiodh sa bhliain 1987, óir nochtann an teideal féin bunmhianach na haoire ann. Ó aimsir na hathbheochana i leith tá ualach bailiúchán ainmnithe ó theideal an chéad scéil móide ‘Scéalta Eile’. I gcatalóg leabharlann na hollscoile againne i Maigh Nuad tá seasca a sé ionráil: idir shean agus nua agus níl aon trá orthu is cosúil. Mar shampla:

| | |
|---|-----------------------------|
| <i>Litir ó mo mháthair: agus scéalta eile</i> | Fionntán de Brún, 2005 |
| <i>Bolgchaint: agus scéalta eile</i> | Ré Ó Laighléis, 2004 |
| <i>Uaigheanna agus scéalta eile</i> | Daithí Ó Muirí, 2002 |
| <i>Bróg Khruschev agus scéalta eile</i> | Gabriel Rosenstock, 1998 |
| <i>Feirín, scéalta agus eile</i> | Séamas Mac Annaidh, 1992 |
| <i>Miodamas agus scéalta eile</i> | Seán Ó Siadhail, 1989 |
| <i>Sean-Dair agus scéalta eile</i> | Liam Prút, 1985 |

* Leagan de chaint a tugadh ag an gComhdháil ar Chultúr agus Litríocht na Gaeilge, Gaillimh, 2006,

| | |
|--|------------------------------|
| <i>Ding: agus scéalta eile</i> | Seán Mac Mathúna, 1983 |
| <i>Mo chathair ghríobháin agus scéalta eile</i> | Dara Ó Conaola, 1981 |
| <i>Buicéad poitín agus scéalta eile</i> | Pádraic Breathnach, 1978 |
| <i>Sweeney: agus scéalta eile</i> | Dónall Mac Amhláigh, 1970 |
| <i>An teach nár tógadh agus scéalta eile</i> | Máire, 1948 |
| <i>Idir shrúgradh agus dáiríre agus scéalta eile</i> | Máirtín Ó Cadhain, 1939 |
| <i>Íosagán agus sgéalta eile</i> | Pádraic, Pearse, 1916 |
| <i>An sgoldaire bocht agus sgéalta eile</i> | Pádraic Ó Conaire, 1913. |

I gcuasach seo Titley, áfach, ní ann do ‘Eiriceachtaí’ mar theidealscéal ná mar theideal scéil ar bith sa chnuasach, rud a chiallaíonn gurb é is mó a mheánn i ngach aon scéal acu ná a bhfuil d’eiriceacht ann. Ceithre scéal déag atá sa chnuasach ar fad: ‘An Tríú Scéal Déag’ is teideal don scéal deiridh – ceiliúradh an rógaire ba dhóigh leat do ‘triskaidekaphobia’ Joyce agus Beckett. Níl ach dhá scéal acu a bhféadfá a rá ina dtaoibh gur gearrscéalta traidisiúnta iad a bhfuil túis, lár agus deireadh leo, agus iarrachtaí luatha is ea iad so (‘Don bhliain seo chugainn in Berlin’ agus ‘An saol salach’). Is léir an mugadh magadh i dteidil chuíg cinn eile acu: ‘An tuisle giniúnach’, ‘Wittgenstein i gConamara’, ‘Oighearaois, aerís, arís’, ‘An file ar leaba a bháis’ agus ‘An tAire Dlí (agus Cirt)’; agus cé go bhfuil an focal ‘scéal’ i dteidil na seacht gcinn eile acu, a leath glan, níl aon rian de leanúnachas, ná

fiosracht ná coimhthíos na scéalaíochta ná na gearrscéalaíochta traidisiúnta ag baint leo, ach faoi mar a bheadh sraith, nó rois, nó cith de bhiorghaoithe faoi mhórchúis na beatha. Ar an ionmlán, déanann na heiriceachtaí seo sléacht ar dhéithe sacrálta an tsaoil, ar dhéithe beaga na hacadúlachta agus na Gaeilge go háirithe.

Oscálaíonn an cnuasach le scigaithris ar an gcruthú ‘An tuisle giniúnach’ – ‘In the beginning was the pun’, faoi mar a mhaíonn Beckett – agus críochnaíonn le scigaithris ar an bPáis. Tá go fiú crostagairt saobhacadúil idir an cúigiú scéal, mar a bhfuiltear ar thóir Inis na Fírinne (63), agus an scéal deireanach (206), mar a nochtar nach bhfuil d’fhírinne ann ach ‘Uaireanta seo, uaireanta sin agus uaireanta an rud eile, sin í an fhírinne duit.’ Dar ndóigh tá seo go léir ag teacht leis an dteagasc Críostaí a mhaíonn go bhfuilimíodh ar fad déanta i gcosúlacht agus in fomhá Dé, óir, más de thoradh rangás na nDéithe a cruthaíodh sinn ní hionadh, dá bhrí sin, sinn a bheith tugtha don ndrabhlás agus don bpleidhcíocht.

Fágann san gur cuid de thraigisiún ársa na scigaithrise sacrálta é an cnuasach seo a bhfuil traidisiún na hEorpa ó aimsir Aristophanes agus an *Coena Cypriani* chomh maith le traidisiún na Gaeilge ó *Aislinge Meic Conglinne* agus *Comhairle Mhic Clamha* agus *Comhairle Commesarius* laistiar dó. Tugann sé dúshlán mhiotal na cráifeachta ionainn, faoi mar a dhéanann Winnie in *Happy days* Beckett: ‘How can one better magnify the Almighty than by sniggering with him at his little jokes.’

Is iad na hintleachtóirí agus an chléir acadúil gona sainmhínithe mórchúiseacha sollúnta ar chúrsaí an tsaoil agus na litríochta is túisce agus is minicí a ndeintear leibhéal orthu tríd síos. Seo mar liostaíonn Jia an manglam de rudaí a chuirfidh sé i

meabhair an duine 'a choinneodh gnóthach iad go ceann na mílte bliain.'

Cuir i gcás, sonas agus grá agus fírinne agus áilleacht agus cearta agus fuath agus dílseacht agus laochra agus freagrácht agus míniú agus litríocht agus eolas agus fíricí agus loighic agus tuiscint agus mistéir agus teoiricí agus réasúin agus nádúr agus coinsias agus réalachas agus cruthúnas agus píonós agus buaine agus eolaíocht agus béascna agus dúchas agus saorisse agus cuspóirí agus toil agus breithiúnas agus cúiseanna agus conclúidí agus mothúcháin agus fantaisíocht agus pléisiúr agus idéil agus meonaíocht agus leorghnáomh agus draíocht agus moráltacht agus urlabhra agus cinnteacht agus uaisleacht agus dlí agus normáltacht agus oibíochtúlacht agus féinmheas agus ómóis agus foirfeacht agus prionsabail agus reiligiúin agus polaitíocht agus seintimint agus uaillmhian agus údarás agus an bheatha shíoraí. Is dóigh liom gur leor é sin mar thús go nuige seo. (14-15)

An grá is túisce ar an liosta sin agus déantar mugadh magadh faoi għalar an għarrá agus faoi théarmaíocht cheana *amour courtois* na Gaeilge faoi mar atá san cláraithe ag na scoláirf:

Ní raibh sí ag súil go dtitfeadh sí i ngrá arís. Tháinig sé uirthi i nganfhios. Tháinig sé uirthi dá hainneoin mar a bheadh mactíre i measc na gcaorach, nó mar líne chliste in sópopera, nó mar chuileog i do iogurt, nó mar flear anfós i gcomhdhbáil fheimineach... (27-8)

Is tú mo leaba fhlocais
Mo bhachall caol dubh

Mo ghaineamh shúraic
Mo nead feamnaí
Mo pháistín fionn
Mo phluais na n-iontas
Mo bhuelle dhéanach an tSathairn
Mo chis fhada
Mo nós, mo mhil, mo phaor is tú, mo romhar dá bhfuil sa
tsaol seo thú
Mé im pheilt ar fud coillte le soilse an tráthnóna
Do bhéilín siúcra mar an leamhnacht mar fhíon is mar bheoir
Chrúfaínn ó is dhéanfaínn cuigeann duit
Is maith an t-anlann an tochras
'Bhfuil tú fós beagánín bréan den seanduine? (29-30)

Tá soncanna beaga eile magaidh faoi chúrsaí canúna agus
ortagrafaíochta na Gaeilge:

Haigh!...
Haigh dí daigh...
Haló!...
Halób...
Sea...
Sea, má sea...
Bhuel...
Voil, gan amhras....(55)

Agus macallaí ó chonspóidí scolártha timpeall ar chúrsaí gramadaí
san iomarbhá anseo timpeall ar Inis an Fhírinne agus Inis na
Fírinne (49).

Istigh ina lár anseo tá *apologia* an scríbhneora féin, an léiriú
is iomláine ar a bhfuil i gceist sa chnuasach seo. Déanann sé

neamhshuim ar fad de theoiricí na litríochta ó aimsir Arastatail agus Longinus i leith:

Tá an dá thraigisiún bleachtaireachta ann sa scéalaíocht. Hercule Poirot na fuarfhianaise is na loighice is an réasúin; Maigret na hinstinne, na braistinte is an tualais. Éiríonn go seoigh leis an mbeirt acu. Nuair a thógann an scríbhneoir a pheann ina láimh ní foláir dó scéal a insint. Is scríbhneoir é aon duine a scríobhann. Is bleachtaire é aon duine a lorgaíonn, a thochlaíonn, a thuairimíonn, a chumann, a cheanglaíonn, a chuireann i gcás. Braitheann toradh na tóraíochta ar cé acu Poirot nó Maigret é, nó garda singil gan chéim a ghlaicann orduithe ó na húdaráis os a chionn óir is iad is fearr eolas. (111)

Sa scéal céanna seo nochtann an t-údar a spéis, a thuiscint agus a áit féin, b'fhéidir, i dtrraigisiún na coiméide Gaeilge:

An tamall fada a raibh Seán Ó Ríordáin ina chritic bhíodh sé go lánmhinic ag rá go raibh Myles na gCopaleen agus Máirtín Ó Cadhain agus Brian Merriman agus údar *Fled Bricrend* agus údar *Pairlement Chloinne Tomáis Raibiléiseach*. N'fheadar nár bhí é a chuir an téarma *raibiléiseach* sa chúrsaíocht i measc léitheoirí na Gaeilge ar dtús. Is é an chiall is coitianta a bhaineann daoine as an téarma ná gáirsíúil, nó graosta, nó rud éigin a bhfuil salachar á leanacht. Tá breall orthu sa mhéid sin. Is í an fhuaimint bhunaidh atá ag an bhfocal *raibiléiseach* dearcadh áirithe i leith an tsaoil agus an duine; meon a dhéanann muga-maga agus fonóid faoi ghothaí agus bhréag-ghalántacht an duine; éirim a chaitheann drochmheas ar na hinstiúidí agus ar na tuairimí is beannaithe agus is

naofa atá aige. Aithisíonn sé, ach go háirithe, an tuairim go bhfuil dínit ar bith ag baint le nádúr is le hiompar an duine. Níl sa saol, dar leis an meon seo, ach botúnacht, agus áiféis agus amaidí. Agus léirítear é seo go léir i stíl leathan, fhoclach, áibhéileach de ghnáth, stíl a chomharthaíonn go fóellas an fhastaím atá á foilsíú aici. (101-2)

Is mór ag an údar an liostú raibhléiseach san a fhaightear coitianta i dtraigisiún na haoire agus tharlódh go bhfuil sé féin le cur san áireamh nuair a deir sé: ‘cleasaíocht, go deimhin féin, nach leasc le scríbhneoirí áirithe Gaeilge de chuid na linne seo a tharraingt chucu féin nuair a bhuaileann an giúmar iad’ (104). Is éachtach mar a mhúscláionn Titley saibhreas thraigisiún na Gaeilge i liosta na gcleas sa bparlús peilte:

‘Freastailímid ar riachtanais uile ár gcuistaiméírf’, ar seisean, a shúile ag gluaiseacht i dtreo an chuitfín dheirg a raibh iontais an tsaoil le fáil laistiar de. ‘Braitheann sé ar fad ar cad tá uait. Ar mhaith leat An Chuimilt Chraicneach ar dheich bpunt, nó An Bealach led Ioscaidí ar chuíig phunt déag, nó An Cigilteoir Ceantair ar scór punt, nó An tSaoire sa Ghabháltacht ar chuíig phunt is fiche nó An Márlach Coillteánach ar thríocha punt, nó An Blas Béimeannach ar chuíig phunt is tríocha, nó An Crú ar an Tairne ar dhá scór punt, nó An Didín ó Damhsa ar chuíig phunt is daichead, nó an Randaí Bogadaí ar leathchéad punt, nó an Flútar Éatar ar chaoga cúig punt, nó An Nathair Neimhe ar thrí scór punt, nó An Craos Domhain ar sheasca cúig phunt nó An Brútam Brutha ar sheachtó punt, nó An Dúrúch Dotheoranta ar

chúig phunt is seachtó, nó Nuilenífaoinspéir ar cibé airgead is mian leat a chaitheamh.' (151)

Tá liosta na ndaoine a bhíonn ag stánadh ar an bpearsa mhná ag deireadh 'Scéal faoi dhá Chaithir' ar an liosta is spleodraí is raibhiléisí agus is uileghabhálaí sa Ghaeilge – éacht samhlaíochta, socheolaíochta agus canúineolaíochta a ligean don dteanga seinnt ar an uile ní faoin spéir. (38-41) Seo blaiseadh beag de, nó tá siad seo i measc na n-ainmneacha sa liosta:

Foclógóirí, filí beaga, blascoideasóirí, Gonzaga gurriers, na raonaithe slóin, na himreoirí snúcair agus a dtóin in airde, gaileotaí seoigheacha, trumpairí na bhflaitheas, merridhaoine, cing roinne, suckeolaithe, brfstí smeartáilte, ding-a-lingeachaí, masculaigh giganticae hiberneacha, feara suainthinseacha, bligeaird sráide, Brídí bána, fleábags, caorhács, tarraíbáíos...

I measc na ndaoine aonair tá:

Niúdaí Neáidí, an Moncaí Práis, Anna Chuain, Tusa Freisin, Bod na Gaoithelge, Hiúdaí Hiúdaí Hiúdaí, An Tuatach Frútaí, Eileanóir Rigbí, An Réal Mac Aodha, Cac Rí na gCurs in Éirinn, Alfie O'Mega, Tim. R. Mortis, Lola Phádraig, Rae Dúil, Maurice Gnaw, Gloria Mundi, Ellen Tory, Ó Caoidóc, Ína an Chéasta, Fannaí Mhilis Nic Ádhaimh, An tSiúr Ceapord, Culchi Mack, An Bataimlios Pit, Bó Dheiridh, Willy Nilí....

Is éachtach mar a éiríonn leis an liosta eicléicteach san neadú síos chomh nádúrtha sin i dtraigisiún na háibhéile Gaeilge.

Ar an iomlán tá foinse an ghrinn agus ábhar an mhagaidh soiléir ón gcéad léamh tríd síos anseo: sna teidil, mar shampla,

‘An Tuisle Giniúnach’, nó ‘Scéal faoi dhá Chaithir’; nó an scigaithris ar *Séadna* in oscailt ‘Oighearaois: Aerí: arís’:

‘Inis scéal dúinn’, arsa mise le Machmad nuair a bhíomar cúpla céad meimhíle amach ó Phoseidon. Ag súil leis an oíche shíoraí a chiorrú a bhíos.

‘Ara, scliog báite ort’, ar seisean agus é ag tincléireacht leis an gcobhsaitheoir, ‘Inis féin scéal.’

‘Níl aon mhaith ann’, arsa Con, méar leis ag guagaíl thar ar an réaltbhord ag iarraidh an pulsár ba dhéanaí a d’aimsigh sé a shuíomh go tástálach. ‘B’fhearr linn do scéalsa’.

‘Dein. Beimid an-shocair’, arsa an Búd, óir b’é ba chorraphónaí.

‘Nach maith nár fhanais socair aréir nuair a bhí “Marog na nOcht gCeann” agam á insint’. D’fhéadfadh Machmad a bheith an-ghoilliúnach uaireanta ach go háirithe nuair a bhíodh an Búd ag cur isteach air lena shláimíní grinn. D’fhéadfá a rá, ar shlí, go raibh sé ina chomórtas eatarthu agus bhaineadh an fhoireann sult as na hiarrachtaí a dheineadh siad an ceannsmách a fháil ar a chéile. (112)

Tharlódh go n-imeodh an scigaithris ar an oscailt le *Caoin tú féin*, le Diarmaid Ó Súilleabháin, lena mbaintear ceann de ‘Cibé scéal é’ sa bhfraoch ar an léitheoir (agus ar an litir mholtá níos faide ar aghaidh sa scéal ar Ich 166):

Dé Luain: Nuair a d’fhéach mé amach an fhuinneog bhí féar na faiche dearg. Cheap mé go raibh clúmh ag fás ar mo theanga mar a bheinn tar éis madra a ithe. Bhí trí chloigeann fós orm ach bhí ag teip orm breith ar aon cheann acu. Bhí an réabhlóid curtha faoi chois i mo bholg agam ach ní raibh mé

cinnte an raibh ba na síoraíochta ciúnaithe ar fad agam. An clog raidió a bhí le mo dhúiseacht bhí sé ina thost. Gíocs ní raibh as an mbóthar lasmuigh. (139)

Níl de fhreagra agam ar an té a lochtódh san ar a dhoileáire ná gur mar sin a bhíonn de ghnáth i gcás na haoire: éilíonn sé iarracht agus léitheoireacht fhairsing a dhóthain. Agus uaireanta nuair nach dtuigfeá an cúlra ina ionnláine ní fhágann san tú dall ar fad ar an sprioc.

‘Hóra, a Pháid. Ar chuala tú go mbeidh tromdámh bhliantúil na bhfilí i bPáirc an Chrócaigh um Cháisc? D’airfós go raibh an RDS in áirithe i dtosach acu ach gur cheap siad nach mbeadh sé mór a dhóthain dóibh’. (82)

Tá tagairtí eile fós a bhfuil stádas finnscéalaíochta ag baint leo, faoi mar atá sna samhlacha mórtais is magaidh seo a leanas:

Dhein Aindí an léarscáil a chroitheadh san aer ar nós maor chúil tar éis do Ringí poll a dhéanamh san eangach. (48).

An bhanrson gan cheann, arsa an slua agus tháinig an lann anuas chomh glan chomh gasta le Diego Maradona trí chúlaithe Shasana. (188)

Agus tagairtí eile fós gur clasaicí idirnáisiúnta iad:

Má bhí Bruce Springsteen ag rince san doircheacht bhí mise ag tiomáint sa solas. Má bhí Billy Joel ag maíomh gurb é a shaol féin é bhí an maíomh ceann céanna agamsa. Má d’fhoghlaim Janis Ian an fhírinne in aois a seacht mbliana déag di bhí mise cúpla bliain chun deiridh uirthi. A scéal féin

scéal gach aon duine is cad é don té sin nach mbaineann sin dó. (161-2)

Cén saghas Frogaise é sin, d'fhiografiaigh bean díom a raibh fiacla aici ar nós sléachta sámhshlabhra Texas (187)

Agus tá cinn eile fós a dhéanann tástáil ar fhad, ar leithead agus ar fhairsinge ár n-eolas:

...laethanta m'óige ina sciochainn úlla airgid na gealaí agus ina sloganinn úlla óir na gréine...’ (113).

Ní bheadh aon dua agaínn leis an tagairt do Yeats ach tá seoid de bhéarlagar Chorcaí ansan chomh maith: mar atá, ‘sloganinn’ < ‘slogging’. Agus ní ansan amháin ach sna téarmaí, sna tagairtí agus sna carachtair seo a leanas:

Ar an laing (múitseáil) (160)

Fliceannaí (65)

Faidhn ting (27)

Ting ard álainn (185)

A thuilleadh pórtair don bhean sa leaba. (12)

Chomh maith le hAindí Dháith, Dicí Gliú agus Cití Barra in ‘Cuíorscéal’ (48-64).

Imrítear ar réimeanna na teanga ar an gcuma chéanna sna macallaí tríd síos ó shaothar an Ríordánaigh, go háirithe na línte cáiliúla san a bhfuil stádas canónach dlite dóibh ag lucht ollscoile agus iad curtha i bhfearas i gcomhthéacs comóntha:

Dá labharfadhbh fear leat os íseal... (29)

Ar oiléáin agus ar oiléáin eile... (52)

Ar an bhFírinne go lom ar an oiléán... (55)

Solas na lúipíní ag dul as? (132)
 Dhúisigh eilit na samhlaíochta i gcoillte na m bliain... (134)
 Ar son na seanaigne... (151)
 Íomhá a bhí inaitheanta mar aghaidh... (175)
 Do thusa ceart as baile... (183)
 Líonta Liombó... (197).

Baintear casadh chun bligearachta chomh maith céanna as traidisiún na scéalaíochta tríd síos anseo. Osclaítéar le himeartas ar áineas na fiannaíochta:

Feacht n-aon dá raibh na déithe uile go léir ar fad ag ól is ag ceol is ag áin is ag aoibhneas is ag amadándadaighdéireacht ar a leapacha in airde chrom siad ar chomórtas eile fós a réachtáil chun an chian a thógáil díobh agus chun an t-am a chur thart. (9)

Tá reitric bheo agus neafais na scéalaíochta le haithint tríd síos – glan in aghaidh ealaín na gearrscéalaíochta faoi mar a tuigeadh do Frank O'Connor í. Osclaíonn an dara scéal, mar shampla, le guth réchúiseach na seanchaíochta: ‘Ní raibh ach an triúr againn ann an lá sin...’ (16); agus istigh ina lár faightear ruathar aonair mar seo: ‘Tá sé chomh maith agam cur síos a dhéanamh ar m’árasán anseo.’ (23).

Tá an bhligearacht raibiléiseach san go léir, idir théamaí agus fhoirmí, idir ábhar agus stíl le haithint ina airde láin sa ‘Síscéal de réir Eoin’. Tá leagan Béarla faoin dteideal ‘The Gobspiel According to John’ i gcló in *The journal of literary translation*, (22, Fómhar, 1989, Columbia University, New York) agus athchló ar an aistriúchán sin de chuid an údair féin sa *Field Day anthology*. Agus tá a ghréann féin ag baint leis seo, dar ndóigh, mar is é tá i

mbuaic na hiarrachta seo, (mar atá, an cur síos áibhéileach ar an gcluiche iománaíochta), ná leagan athchúrsáilte, logánta, corcaíoch den scigaithris shacrálta ar na Soiscéil a théann siar go dtí an *Coena Cypriani* ón 5ú/6ú haois.

Ná ní haon scéal atá anseo ach seacht gcinn de ghníomhartha, mar mhagadh, b'fhéidir, ar an tuiscint thraigisiúnta ar sheacht n-aoiseanna an duine ó bhreith go bás. Treisíonn an t-imeartas focal sa teideal leis seo, ag tabhairt le fios nach bhfuil i gcinnteachtaí an chreidimh ach caint san aer. Níorbh í an eaglais ba mheasa sa mhéid seo, b'fhéidir, ach deachtóireacht an stáit agus an chórais oideachais. Chuige sin gníomh a haon, sraith de 109 orduithe, idir dheimhnitheach is dhiúltach, as a múnlaitear saol an naónáin:

Déan é seo; déan é siúd; éirigh i do shuí; dúisigh aníos; cuir ort do bhríste is do stoca; oscail an doras...abair amhrán...tóg na cúilíní...cuir isteach an bhróg...feic a bhfeicir; foc do leithscéalta tá mo chuid airgid uaim; abair do phaidreacha; ná bac leis siúd; ná bris an dlí...ná hinis bréag; na hob troid...ná múch do choinneall...ná tuirling go stada an bus...ná déan é sin arís nó cuirfidh mé do chuid fiacla siar trí do thóin; na hadhraigh déithe bréige. (121)

Blúire dírbheathaisnéiseach de shaol na scoile sa chéad phearsa atá i ngníomh a dó. Eachtra déagóra ag an dioscó gníomh a trí. Cluiche iománaíochta gníomh a ceathair. Eadarlúid reitriciúil faoi mar a bheadh Stoc na Cille ag an bpointe seo. Teacht chun coinnlísocha agus pósadh is ea gníomh a cúig. Ceist agus freagra, faoi mar a bhíodh sa Teagasc Críostaí is ea gníomh a sé, a léamh díbhírceach ceannairceach féin ar chinniúint áiféiseach an tsaoil:

Tar éis na treise fada ó stáir go stáir go fiata

Bhí haiste úd na heagna chomh docht is bhí riamh iata.
 Ach cad é sin don té sin a mbíonn a bholg sásta?
 Is 'sé do bheatha a dhuine tusa atá lán de ghrásta! (129)

The cry is me, and mine, and member and meme chose
 And ourselves and us and all we have is ours,
 For in and out, about, above and below
 It is always the same old stupid asshole show,
 And for all the priests and goodmen and sages say
 Their nutritious images only choke the simple way
 From hand to mouth and the other orifices given
 Whose ordures we must, our luck, just do their bidding.
 So that's it then, have fun, be good, what's new?
 I'm me myself, but for fuck's sake, who are you?

Críochnaíonn le gníomh a seacht agus an seanduine ar thairseach
 an bháis, le straith ghiorraísc leanúnach a mhacallaíonn an oscailt.

Is é oighear an scéil é nach bhfuil ann ach cluiche agus ar an
 ábhar sin bain súp as fad a mhairit. Ní hí an iománaíocht bun
 agus barr an tsaoil. Nó, tá sí i bhfad níos tábhachtaí ná san do
 mhuintir Chorcaí. Is é chéad airteagal an chreidimh acu é. Seo a
 leanas sliocht as an soiscéal sin dá gcuid:

Agus an séú lá bhí cluiche le himirt acu sa Pháirc agus bhí
 Eoin ann. Agus bhí cuireadh faighte ag na buachaillí eile, leis,
 chun an cluiche. Agus bhí an bainisteoir ann os a gcomhair
 amach agus fearg air. Agus dúirt sé leo: Cad é sin daoibhse
 nó domsa é má dhéantar calaois ar dhuine daichead slat
 amach. Is é adeitim libh gur fearr cúilín ar an gclár ná cwl sa
 líontán. Agus d'ordaigh sé dóibh go dian éisteacht go géar
 lena raibh á rá aige óir bhí siad mar a bheadh caoire gan aoire

agus chrom sé ar a lán nithe a theagasc dóibh. Óir chonaic sé an mheatacht a bhí iontu agus dúirt sé leo: An té a bhfuil camán aige, tá tua aige agus an té a bhfuil tua aige is féidir leis crann fíge an fhreasúra a leagadh. Óir cad é an tairbhe do dhuine na liathróidí go léir a bhuachan má chailleann sé an cluiche féin. Agus dhein sé osna ina spiorad mar thuig sé ina chroí istigh nach raibh aon mhaitheas iontu....(124-5)

Is fada siar a théann préamhacha na scigaithrise sacrálta seo agus tá sé beo beathaiteach fós is cosúil sa bhéaloideas uirbeach. Seo an oscailt le leagan Meiriceánach atá in eagarr ag Alan Dundes agus Carl R. Pagter, sa leabhar leo *Work hard and you shall be rewarded: urban folklore from the paperwork empire*, a foilsíodh in Indiana sa bhliain 1978:

And it came to pass that the Director of Personnel appeared before them and showed unto them the office and the wonders thereof: and caused them to know the size of their pay-checks, and that after they had laboured for the project for six months they would accumulate 5 days of vacation time and of sick leave 48 hours; and that this should continue as long as the sun should rise and set and they should continue upon the Staff. But the director saw in his heart that they panted not after self-improvement nor sought to learn each of them how he could best help the Audit Staff, but rather lusted after their pay-checks, and their vacation time, and their sick leave – how they would spend them. And he was wroth and he prophesied unto them, saying: Take ye not your vacation time without the permission of your master, lest he be offended at thee and call thee unto his office and mash thy tail heavily. Better that thou

shouldst be gone three weeks, even a month or more at a time, than that thou shouldst fail to show up on a day when thy presence is expected and dirty work a-waitheth upon thy desk to be done in haste.... , (81-4).

Is é éacht Titley gur dhein sé a chuid féin chomh dílis san d'eilimintí iditnáisiúnta na haoire ó dhiamhagadh Aristophanes go greann macabreach Beckett agus gur éirigh leis iad sin a nódú chomh nádúrtha chomh ráthúil san ar an dtraidisiún dúchais. 'Leabhar réabhlóideach' a thugann Seán Ó Tuama ar *Eiriceachtaí agus scéalta eile* in alt géarchúiseach léirmheasa dá chuid in *Comhar*, Nollaig, 1981, Is éard a chonaic sé ann 'aigne uirbeach shofaisticiúil intleachtúil, atá á cur féin in iúl in airde a láin ar shlí nach bhfachas a shamhail go dtí seo sa Ghaeilge.' (17-19)

Ach ní haon mhanuail praiticiúil de chuid *homo urbis* atá anseo, ná tráchtas éirimíúil de chuid *homo sapiens* ach an oiread, ach teallaireacht titliúil agus greann leathan buirlisciúil an *homo ludens*, lán den reibiliúntacht Chorcaíoch agus den cheannairc Cheilteach sin a bhí í gceist ag Matthew Arnold nuair a chuir sé inár leith go rabhamar 'always ready to react against the despotism of fact'.